DocuSign Envelope ID: 8AD064A5-BB32-4E0D-851F-E3C1B62FBBA7

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 17 Aibreán 2023

Baile na hAbhann

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**

Bhí na Comhaltaí Boird ar fad i láthair i mBaile na hAbhann agus Darach Ó Tuairisg ar Zoom.

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí.

2. **Deimhniú Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa.

3. **Miontuairiscí**
   Aontaíodh Miontuairiscí Mhí na Nollag agus Mhí Feabhra.

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Ní raibh aon ghnó ag eirí as na Miontuairiscí.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

5.1 **Rialtas, Roinn, RTÉ agus Coimisiún na Meán**

5.1.1 Coimisiún na Meán: Thug an tArd-Stiúrthóir le fios gur cuireadh deireadh le BAI agus tús le Coimisiún na Meán ar an 15 Márta. Mhínigh sé gur eascair bunú CnaM as an Acht OSMR. Dúradh go mbeadh tionchar mór ag CnaM ar TG4 agus iad freagrach as moltaí Choimisiún Um Thodhchaí na Meán a chuir i bhfeidhm.

5.1.2 *Ráiteas Straitéise 2023 - 2025*: Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh iarrtha ag an Roinn Ráiteas Straitéise a ullmhú mar atá luaite san Acht Craolacháin 2009. Mhol sé go n-ullmhófaí Ráiteas Straitéise 2023 – 2025 bunaithe ar an *Fís tar éis Covid*. Dúirt sé go mbeadh straitéis nua le déanamh ansin in 2025, nuair a bheadh tuairisc CnaM ar na Meáin Ghaeilge críochnaithe.

DocuSign Envelope ID: 8AD064A5-BB32-4E0D-851F-E3C1B62FBBA7

5.2 **Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíochtaí.**

5.2.1 *An Craoslach*: Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh gearán foirmiúil amháin faighte ag CnaM maidir leis an gclár 'An Craoslach'. Cuireadh cóip de fhreagra TG4 ar an ghearán ar fáil do na Comhaltaí Boird. Dúradh go bpléifí breithiúnas CnaM ag leibhéal an bhoird nuair a thiocfadh sé.

5.2.2 *Cine4*: Cé nár éirigh leis An Cailín Ciúin an Gradam Oscar a bhaint amach, thréaslaigh an tArd-Stiúrthóir le lucht léirithe an scannáin as an bpoiblíocht dhearfach i leith na Gaeilge agus i leith TG4 a baineadh amach dá bharr. Thagair sé freisin don rath a bhí ar *Róise agus Frank* ag Féilte idirnáisiúnta agus mhol na 6 ainmniúchán a bhain an scannán amach ag Ghradaim IFTAs 2023.

5.2.3 *Gradaim RTS*: Mhol an tArd-Stiúrthóir Gradaim RTS 2023, ócáid a d'eagair TG4 i nGaillimh ar an 29ú Márta. D'fhreastail craoltóirí agus léiritheoirí teilifíse ar an ócáid agus tugadh moladh mór do TG4 as feabhas na hócáide.

5.2.4 *Turas Réaltaí Peile LGFA*: Thug an tArd-Stiúrthóir le fios gur éirigh go maith le turas Réaltaí Peile LGFA ar Austin, Texas i Mí Aibreáin. Eagraíodh an turas i gcomhar le na Celtic Cowboys GAA agus craoladh an cluiche All-Stars 2022 V 2021 beo ar YouTube Spórt TG4. Dúradh go mbeadh LGFA ar an bhfód 50 bliain in 2024 agus go mbeadh TG4 ag ullmhú leis an ócáid sin a cheiliúradh.

5.2.5 *Media Literacy Ireland*: Thréaslaigh an tArd-Stiúrthóir le Máire Aoibhinn Ní Ógáin, Cartlannaí TG4, a bhí ainmnithe ar an ngearrliosta do 'MLI Special Contribution' i mbliana.

5.2.6 *Gradam Ceoil TG4*: Dúradh go mbeadh an searmanas bronnta don 26ú Gradam Ceoil ar siúl i Luimneach ar an 23ú Aibreán, agus go gcraolfaí an clár beo ar TG4 ag 9:30pm. Déanadh comhghairdeas le Gradamóirí na bliana seo.

5.2.7 *European Broadcasting Union*: Luaigh an tArd-Stiúrthóir gur thug Vanessa O' Connor, EBU Director Member Relations & Communications, cuairt ar Bhaile na hAbhann i ndeireadh an Mhárta. Dúirt sé go raibh TG4 mar bhall

DocuSign Envelope ID: 8AD064A5-BB32-4E0D-851F-E3C1B62FBBA7

gníomhach don EBU agus go ndéanfaí seisiún eolais don Bhord ón EBU maidir le craoltóireacht seirbhíse poiblí san Eoraip.

5.2.8 *Nuacht agus Cúrsaí Reatha*: Dheimhnigh an tArd-Stiúrthóir go raibh cruinnithe rialta ag TG4 leis an Phríomh-Eagarthóir Nuachta agus go mbeadh comhairliúchán faoi chúrsaí Nuachta á dhéanamh ag CnaM le RTÉ agus TG4 roimh dheireadh R2 2023.

5.3 **Acmhainní Daonna, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne.**

5.3.1 Deimhníodh go raibh dul chun cinn á dhéanamh ar atheagar rannóige agus folúntais á líonadh i ranna éagsúla. Tugadh le fios go raibh clár oiliúna faoi lán tseoil freisin.

5.3.2 Dúradh go raibh a gcruinniú bliantúil ag TG4 le CnaM maidir le dualgais Rochtana agus go raibh CnaM sásta le dul chun cinn TG4.

5.3.3 Déanadh tagairt do fhorálacha nua an Acht um Shábháilteachta Seirbhísí ar Líne (OSMR Act) a tháinig i bhfeidhm i Mí an Mhárta agus gur déanadh uasdátú ar roinnt polasaithe agus cóid cleachtais maidir le ábhar TG4 ar líne dá réir.

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 Aontaíodh go gcuirfí Miontuairiscí an Bhoird ar fáil ar shuíomh idirlín TG4 as seo amach.

6.2 Rinne an cathaoirleach comhghairdeas le TG4 as ócáid Gradaim RTS a tionóladh sa Ghaillimh ar an 29ú Márta. Tréaslaíodh le Nemeton as a nGradam sa rannóg Spóirt.

**7. Athbhreithniú Feidhmíochta**

7.1 Chuir an Stiúrthóir Airgeadais i láthair an tAthbhreithniú Feidhmíochta do 2022. San athbhreithniú, déanadh cuntas a thabhairt ar fheidhmiú TG4 le linn na bliana 2022 in aghaidh na ngealltanas a bhí leagtha amach i dtús na bliana.
Ghlac an Bord leis an gcáipéis.

DocuSign Envelope ID: 8AD064A5-BB32-4E0D-851F-E3C1B62FBBA7

**8. Cuntais Mí Márta 2023**

8.1 Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar Chuntais TG4 ag deireadh Mí Márta. Tugadh léargas ar Chaiteachas, ar Ioncam Tráchtála, Fiachóirí & Fabhraithe don mhí mar aon le Costais Caipitil go dáta.
Glacadh leis na cuntais.

**9. Ceadú Conradh**

D'fhág ceathrar de na comhaltaí an cruinniú don mhír seo (Mairéad Ní Nuadháin, Siobhán Ní Ghadhra, Sonia Nic Giolla Easbuig agus Darach Ó Tuairisg).

Tháinig Mary Ellen Ní Chualáin, Bainisteoir Coimisiúnaithe agus Collette Uí Neachtain, Feidhmeannach Airgeadais i láthair don mhír seo.

9.1 Thug an Bainisteoir Coimisiúnaithe agus an Feidhmeannach Airgeadais cur síos ar an gconradh a bhí le ceadú, conradh Ollsoláthair ag freastal ar lucht féachana páistí. Tugadh léargas ar réimse na gclár, taithí an chomhlachta, luach an chonartha agus deiseanna forbartha agus straitéise a bhain leis an chonradh.

Ceadaíodh an conradh.

**10. Lucht Féachana Líneach & Neamhlíneach**

Thug an Stiúrthóir Margaíochta cur síos ar an Lucht Féachana do Mhí Feabhra agus Márta 2023. Bhí sciar 2.5% ag TG4. Bhí GAA BEO láidir ó thaobh lucht féachana, agus rinne sraitheanna Laochra Gael agus Viva Ceol Tíre go maith leis an lucht féachana Náisiúnta. Bhí tóir freisin ar chláracha faisnéise faoi Denis Cahill, Mary Kennedy, TB in Éirinn, agus an tsraith faisnéise, Iniúchadh.

**11. Cainéal Cúla4.**

Rinne an Stiúrthóir Margaíochta cur síos ar an dul chun cinn ins na hullmhúcháin do Chainéal nua Cúla4. Tugadh le fios go dtosódh an cainéal ag craoladh ar an 08.09.23 ar chainéil Saorview agus Virgin Media. Míníodh go raibh cainteanna fós ar bun le Sky, Vodafone agus Eir.
Tugadh eolas maidir le sceideal an chainéil nua, earcú foirne agus cúrsa oiliúna a bhí beartaithe san earnáil.

DocuSign Envelope ID: 8AD064A5-BB32-4E0D-851F-E3C1B62FBBA7

**12. Gnó Comhaltaí Boird**

Ní raibh aon ghnó ó Chomhaltaí Boird.

**12. Riarachán Boird**

12.1 Deimhníodh ballraíocht an Choiste Luach Saothair: Anna Ní Ghallachair, Seán Ó Cuirreáin, agus Bríd Ní Fhachtna.

12.2 Meabhraíodh go mbeadh Gradam Ceoil TG4 á chraoladh beo ó Luimneach ar an Domhnach 23ú Aibreán.

**13 Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.

**14 Léargas: Próiseas Coimisiúnaithe, Dlí agus Airgeadais.**

Tháinig Teresa Kenny, Stiúrthóir Dlí; Mary Ellen Ní Chualáin, Bainisteoir Coimisiúnaithe agus Emer Ní Ghabhnáin, Bainisteoir Airgeadais i láthair le léargas a thabhairt ar Phróiseas Coimisiúnaithe, Dlí agus Airgeadais TG4.

Rinne siad cur síos ar na múnlaí oibre, ar na critéir eagarthóireachta agus measúnaithe a bhain le Coimisiúnú clár, agus ar an bpróiseas rialachais agus measúnaithe airgeadais a chuirtear i bhfeidhm. Tugadh léargas ar chód trádála agus ar na cearta éagsúla a bhaineann le conarthaí clár, idir choimisiún agus cheannachán.

Ghabh an Bord buíochas as an gcur i láthair a bhí cuimsitheach agus soiléir.

**Críoch**

*Síniú* DocuSigned by: Anna Ní Ghallachair
1915C3940044407 ______________________

**Dáta** 05-Jul-23 | 11:55 AM BST ______________________